# RÚN (AE) 2022/1706 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

## an 4 Bealtaine 2022

## ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VII — Coiste na Réigiún

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn VII — Coiste Eorpach na Réigiún,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0063/2022),

A. de bhrí, i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh, gur mian leis an údarás um urscaoileadh béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé dlisteanacht dhaonlathach institiúidí an Aontais a neartú tuilleadh trí thrédhearcacht agus cuntasacht a fheabhsú, agus trí choincheap an bhuiséadaithe ar bhonn feidhmíochta agus an dea-rialachais ar acmhainní daonna a chur chun feidhme;

B. de bhrí go ndéanann Coiste Eorpach na Réigiún (an "Coiste") ionadaíocht ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais agus go dtéann sé i rannpháirtíocht leo, agus go saothraíonn sé a mhisean maidir le reachtóireacht níos fearr agus le daonlathas an Aontais a neartú ón mbun aníos trína thuairimí ar reachtaíocht an Aontais a imríonn tionchar go díreach ar réigiúin agus ar chathracha a roinnt;

C. de bhrí go bhfuil na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha freagrach as aon trian den chaiteachas poiblí agus as dhá thrian den infheistíocht phoiblí, agus go sealbhaíonn siad inniúlachtaí freisin i bpríomhréimsí amhail oideachas, forbairt agus comhtháthú eacnamaíoch, an comhshaol, cosaint shóisialta, sláinte agus seirbhísí leasa ghinearálta in an-chuid Ballstát;

D. de bhrí go bhfuil sé éigeantach go rachadh an Coimisiún nó an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoiste i gcásanna áirithe, ach gur féidir leis an gCoiste tuairimí a ghlacadh freisin ar a thionscnamh féin agus réimse leathan tarchuir aige, mar a leagtar amach sna Conarthaí, lena gceadaítear don Pharlaimint dul i gcomhairle leis;

E. de bhrí gurb amhlaidh, i ndiaidh ráig phaindéim COVID-19 agus ag féachaint ar an staid i réigiúin an Aontais, gur dhírigh an Coiste láithreach ar chomhreachtóirí an Aontais a chur ar an eolas faoi na riachtanais nithiúla a bhí ag na húdaráis náisiúnta agus áitiúla ar an láthair chun an phaindéim agus a hiarmhairtí a chomhrac;

F. de bhrí gur fhorbair an Coiste plean gníomhaíochta COVID-19 agus gur sheol sé ardán malartaithe COVID-19 chun cuidiú le réigiúin agus le cathracha, chun eolas a thabhairt dóibh, chun dul i rannpháirtíocht leo agus chun ionadaíocht a dhéanamh orthu;

G. de bhrí go ndearna an Coiste trí thosaíocht pholaitiúla don téarma oifige 2020-2025 a ghlacadh i rún uaidh an 2 Iúil 2020, a raibh trí fheachtas cumarsáide ag gabháil leis: "An Eoraip a thabhairt níos cóngaraí dá saoránaigh: an daonlathas agus todhchaí an Aontais"; "Bunathruithe sochaíocha a láimhseáil: pobail réigiúnacha agus áitiúla athléimneacha a chothú"; "Comhtháthú, ár mbunluach: beartais áitbhunaithe de chuid an Aontais";

H. de bhrí gur shainaithin an Coiste naoi dtionscnamh shuaitheanta chun a ghníomhaíocht a dhéanamh níos straitéisí agus níos láidre ó thaobh tionchair de: (1) An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, (2) freagairt ar COVID-19 a bhaineann leis an tsláinte, (3) An Plean Gníomhaíochta maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, (4) Comhshocrú CoR4Climate, (4) Todhchaí an chomhair trasteorann, (6) An Comhshocrú Nua maidir le hImirce agus Lánpháirtíocht, (7) An Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, (8) An Fhís fhadtéarmach do na Limistéir Thuaithe, agus (9) Buiséad an Choiste Straitéisigh — cion cothrom de na hacmhainní a áirithiú don Choiste;

I. de bhrí gur ghá don Choiste, mar gheall ar ráig phaindéim COVID-19, a fheidhmiú inmheánach agus a mhodhanna oibre a athbhreithniú agus a oiriúnú chun leanúint dá mhisean a chomhlíonadh;

1. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") aon laigí suntasacha i ndáil leis na hábhair iniúchta a bhaineann le hacmhainní daonna agus soláthar don Choiste;

2. ag cur béim ar an bhfíoras gur tháinig an Chúirt ar an tátal, ar bhonn a hoibre iniúchóireachta, go raibh na híocaíochtaí ina n-iomláine do chaiteachas riaracháin institiúidí an Aontais, lena n-áirítear an Choiste, don bhliain airgeadais 2020 saor ó earráid ábhartha; á chur in iúl gur geal léi nár bhraith an Chúirt aon saincheisteanna sonracha maidir le rialtacht na n-idirbheart;

3. á chur in iúl gur eol di go bhfuil Caibidil 9 "Riarachán" de Thuarascáil Bhliantúil na Cúirte dírithe ar chaiteachas ar acmhainní daonna, ar fhoirgnimh, ar threalamh, ar fhuinneamh, ar chumarsáid agus ar an teicneolaíocht faisnéise, agus go léiríonn an Chúirt go bhfuil riosca íseal ag baint le caiteachas den sórt sin;

**Bainistiú buiséadach agus airgeadais**

4. ag tabhairt dá haire gur EUR 101,5 milliún a bhí i mbuiséad an Choiste do 2020 (méadú 2,8 % i gcomparáid le buiséad 2019 de EUR 98,75 milliún); ag tabhairt dá haire gur buiséad riaracháin é buiséad an Choiste den chuid is mó, agus go n-úsáidtear an phríomhchuid de sin le haghaidh caiteachais a bhaineann le hacmhainní daonna, foirgnimh agus troscán, trealamh agus costais oibriúcháin ilghnéitheacha;

5. ag tabhairt dá haire gur gealladh EUR 94,1 milliún (92,7 %) de na leithreasuithe uile faoi dheireadh 2020 agus gur íocadh EUR 83,6 milliún (82,4 %); ag tabhairt faoi deara nár gealladh EUR 7,4 milliún ag deireadh 2020 agus, dá bhrí sin, gur cuireadh ar ais i mbuiséad an Aontais é, ar méid é sin atá i bhfad níos mó ná a raibh ann in 2019, nuair nár gealladh EUR 0,4 milliún (níos lú ná 0,5 %); á aithint gurb í paindéim COVID-19 is mó is cúis leis na leithreasuithe nár gealladh, agus ag spreagadh an Choiste chun faireachán agus bainistiú na leithreasuithe atá ar fáil a fheabhsú;

6. ag tabhairt dá haire go meastar gur méid is mó ná EUR 11 mhilliún a bhí sna coigiltis a bhain le COVID-19 in 2020, agus gur i réimsí chruinnithe agus liúntais taistil na gcomhaltaí (EUR 120 046 a tugadh ar aghaidh go dtí 2021), na hateangaireachta, na misean agus, ar bhonn níos lú, chostais oibriúcháin na bhfoirgneamh is mó a rinneadh na coigiltis sin; ag tabhairt dá haire go raibh an caiteachas breise a d'eascair go díreach as paindéim COVID-19 teoranta go leor, agus gur i réimsí na seirbhísí leighis (níos lú ná EUR 100 000) agus thuarastail na foirne (os cionn EUR 400 000) is mó a bhí sé;

7. ag tabhairt dá haire nach ndéanann an Coiste aon aistriú sonrach fuíollach i ndeireadh na bliana ach go ndéanann sé athbhreithnithe ar fhorghníomhú an bhuiséid ar bhonn tráthrialta le linn bhliain chur chun feidhme an bhuiséid. ag tabhairt dá haire gur chuir an Coiste cúig aistriú leithreasuithe faoi bhráid an údaráis bhuiséadaigh in 2020, arbh ionann a luach agus thart ar EUR 6,6 milliún (nó 6,5 % dá bhuiséad) nár údaraigh an t-údarás buiséid agus nár bhforghníomhaigh an Coiste ach EUR 4,9 milliún de, den chuid is mó ó na réimsí as ar tháinig coigiltis shuntasacha (cruinnithe agus liúntais taistil na gcomhaltaí, ateangaireacht agus misin) chuig na réimsí ar ghá iad a atreisiú (lena n-áirítear TF, foirgnimh, cumarsáid agus saineolas seachtrach);

8. ag tabhairt dá haire gur ann do threocht dhiúltach i ráta foriomlán forghníomhaithe na n-íocaíochtaí (82,4 % in 2020, 88,8 % in 2019 agus 91,0 % in 2018); ag tabhairt dá haire gurb é an líon mór cruinnithe agus imeachtaí a cuireadh ar ceal de bharr na srianta taistil a forchuireadh mar gheall ar phaindéim COVID-19 ba mhó ba chúis leis sin in 2020;

9. ag tabhairt dá haire go ndearnadh cruinnithe ó lár mhí an Mhárta go dtí lár mhí na Bealtaine a chur ar ceal i ngeall ar phaindéim COVID-19 agus ar na srianta taistil a d'eascair as paindéim COVID-19, agus gur eagraíodh cianchruinnithe agus cruinnithe hibrideacha ó lár mhí na Bealtaine; ag tabhairt dá haire gur ghlac biúró an Choiste cinneadh chun liúntas cianchruinnithe ar ráta comhréidh dar luach EUR 200 a bhunú dá chomhaltaí (i gcomparáid leis an liúntas cruinnithe caighdeánach ar ráta comhréidh dar luach EUR 323) chun na speansais a tabhaíodh agus cruinnithe á n-ullmhú ag comhalta agus le linn dó nó di a bheith rannpháirteach iontu, ar choinníoll go raibh cosc éifeachtach air nó uirthi freastal ar an gcruinniú go fisiciúil agus gur údaraíodh dó nó di freastal; ag tabhairt faoi deara go ndearna an Biúró cianliúntas den chineál céanna do shaineolaithe agus do chainteoirí a bhunú an 9 Deireadh Fómhair 2020;

10. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, ó bhí tús 2020 ann, gur féidir suas le 100 % de chostais cúrsaí teanga a aisíoc leis na comhaltaí (seachas 66 % mar a bhíodh), faoi uasmhéid dar luach EUR 1 200 sa bhliain, chun tacú lena rannpháirtíocht i gcianchruinnithe nach mbíonn seirbhísí ateangaireachta acu i gcónaí; ag tabhairt dá haire gur aistríodh EUR 27 500 chuig an líne buiséid ábhartha in 2020 chun tacú leis an athrú sin; ag spreagadh don Choiste comhghaol réasúnta a áirithiú idir oiliúint teanga agus riachtanais agus dualgais an chomhalta iarrthaigh;

11. ag tabhairt dá haire gur eagraíodh 18 nglao ar thairiscintí dar luach os cionn EUR 15 000 i réimse an tsoláthair phoiblí in 2020, agus gur bronnadh ocht gcinn díobh; ag tabhairt dá haire gur cuireadh trí nós imeachta ar ceal mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus go raibh sé sceidealaithe go síneofaí conradh i gcás na seacht nós imeachta eile in 2021; ag tabhairt faoi deara, agus is díol sásaimh di, gur eagraigh na comhsheirbhísí atá á gcomhroinnt ag an gCoiste agus Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ("CESE") sé nós imeachta thar ceann an Choiste;

**Bainistiú inmheánach, feidhmíocht, rialú inmheánach**

12. á chur in iúl gur geal léi gur seoladh clár athchóirithe an Choiste "Going for IMPact!" in 2020, arb é atá á bheartú leis riarachán an Choiste a nuachóiriú, a chuid acmhainní a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla agus borradh a chur faoina thionchar agus faoina fhor-rochtain; ag tabhairt dá haire gur sainaithníodh ceithre chnuasach chun na cuspóirí sin a bhaint amach, agus ag tarraingt suntas ar an gcnuasach maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur mór aici an anailís chuimsitheach ar thosaíochtaí an Choiste (lena n-áirítear moltaí ón bhfoireann), mar aon leis an simpliú riaracháin atá á dhéanamh; á chur in iúl gur eol di gur cruthaíodh naoi gcinn de thascfhórsaí neamhordlaitheacha tras-seirbhíse mar thoradh air sin agus gur tíolacadh cairt eagrúcháin nua an 7 Nollaig 2020;

13. á chur in iúl gur geal léi an dianchomhar idir an Coiste agus an Coimisiún, toisc go bhfuil ionchur an Choiste, a chuireann in iúl dearcthaí na n-údarás réigiúnach agus áitiúil, tábhachtach i gcomhair próiseas cothrom um measúnú beartais, go háirithe maidir leis an Ardán "Réidh don Todhchaí", leis an Ardán REFIT agus leis an líonra RegHub, chomh maith le rannchuidiú an Choiste leis an bplean gníomhaíochta chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta agus Cruinniú Mullaigh Sóisialta Porto a chur chun feidhme in 2021; á thabhairt chun suntais gur chuir an Coiste grúpa teagmhála idir é féin agus an Ríocht Aontaithe ar bun chun creat a sholáthar don chomhar polaitiúil;

14. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choiste treisiú lena rannpháirtíocht i dtimthriall polaitiúil agus reachtach an Aontais ina iomláine agus forbairt a dhéanamh, chuige sin, ar an gcomhar leis an bParlaimint agus leis an gCoimisiún; á chreidiúint, maidir le páirt níos mó a bheith ag an gCoiste i gcaitheamh na gcéimeanna uile de phróiseas reachtach an Aontais, go rachadh sé chun tairbhe chun na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla a chur i lár an aonaigh agus beartais an Aontais á ndréachtú agus á gcur chun feidhme, go háirithe i ndiaidh phaindéim COVID-19;

15. á thabhairt dá haire gur ghlac an Coiste ocht rún agus 48 dtuairim in 2020 (i gcomparáid le 5 rún agus 49 dtuairim in 2019); á chur san áireamh gurb amhlaidh, mar gheall ar na deacrachtaí a bhaineann le tuairimí a ghlacadh trí tharchuir faoi na sprioc-amanna gearra idirinstitiúideacha ag tús phaindéim COVID-19, go ndeachaigh an Coiste i muinín tuairimí féintionscnaimh a ghlacadh, bunaithe ar dhoiciméid ón gCoimisiún, chun rannchuidiú ar bhealach éifeachtach agus tráthúil le freagairt an Aontais ar an bpaindéim;

16. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag an gCoiste a thuairimí a scaipeadh in éineacht le tuarascálacha agus gníomhaíochtaí eile atá ina rannchuidiú freisin lena mhisean a bhaint amach; á aithint go gcuirtear tuairimí an Choiste san áireamh go rialta i measúnú tionchair an Choimisiúin; á iarraidh ar an gCoiste a áirithiú go roinnfear gach tuairim le Comhaltaí na gcoistí ábhartha sa Pharlaimint agus go ndéanfaidh sé sliotán cainte a iarraidh go hoifigiúil agus go córasach agus dréacht-tuarascálacha na Parlaiminte á dtíolacadh, i gcomhréir leis an gcomhaontú comhair idir an Pharlaimint agus an Coiste;

17. á chur in iúl gur eol di go ndearnadh cleachtaí comhlíonta agus éifeachtachta in 2019 agus in 2020 chun measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhí na 16 chaighdeán rialaithe inmheánacha á gcomhlíonadh ag an gCoiste agus ar a mhéid a bhí éifeacht lena gcur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gur fhorbair an tascfhórsa maidir le "Simpliú na timpeallachta riaracháin" sraith de bhearta simplithe riaracháin, a bhfuil a lán acu á gcur chun feidhme faoi láthair; ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go ndearnadh cleachtadh rialaithe *ex-post* in 2020 agus nár sainaithníodh aon saincheisteanna móra seachas an gá nósanna imeachta i scríbhinn a nuashonrú mar thoradh ar na modhanna oibre nua gan pháipéar; ag tabhairt dá haire gur phróiseáil seirbhís lárnach físrúcháin an Choiste breis agus 13 000 comhad agus gur ceartaíodh nó gur diúltaíodh do 318 n-idirbheart fhíoraithe (i gcomparáid le 381 in 2019);

18. á chur in iúl gur eol di, ar mhaithe leis an Rialachán Airgeadais a chomhlíonadh, gur chonraigh an Coiste saineolaí seachtrach chun anailís ar chost-éifeachtúlacht a dhéanamh; á chur in iúl gur mór aici gurb amhlaidh, chun laghdú a dhéanamh ar aon riosca go mbeadh an buiséad á úsáid go míchuí, go ndearna an Coiste, ar bhealach lena n-áirithítear go mbíonn gach idirbheart airgeadais faoi réir físrú arna dhéanamh ag gníomhaire neamhspleách físraithe, timpeallacht rialaithe inmheánaigh ar a ndéantar faireachán go hinmheánach a chruthú in éineacht le samhail airgeadais atá dílárithe go páirteach; ag tabhairt dá haire gur sheol an Coiste plean gníomhaíochta ilbhliantúil chun an timpeallacht rialaithe inmheánaigh atá ann cheana a athbhreithniú agus a shimpliú de réir a chéile; á iarraidh ar an gCoiste tuarascáil a thabhairt ar an dul chun cinn ar chur chun feidhme an phlean sin a thosaigh in 2021 agus a leanfaidh ar aghaidh in 2022;

**Acmhainní daonna, comhionannas agus dea-bhail na foirne**

19. ag tabhairt dá haire gur 491 phost atá sa phlean bunaíochta agus go measann an Coiste nach leor an líon sin; ag tabhairt dá haire go dtéann an Coiste i muinín baill foirne a earcú ar conradh i gcás ionadaithe meántéarma go fadtéarma agus le haghaidh tionscadail shonracha, agus go bhfuil an riosca ann go gcaillfeadh an Coiste an-chuid eolais agus saineolais dá bharr nuair a thiocfaidh deireadh leis na conarthaí sin; á chur in iúl go dtacaíonn sí leis an gCoiste agus é ag leanúint den chaibidlíocht maidir lena phlean bunaíochta a mhéadú; ag tabhairt dá haire gur 96,3 % atá i ráta fostaíochta phlean bunaíochta an Choiste, a shroicheann dá bhrí sin an sprioc de 96 %; ag tabhairt dá haire gur 601 dhuine a bhí sa lucht saothair ar an iomlán i ndeireadh 2020 (lena n-áirítear an fhoireann reachtúil agus an fhoireann neamhreachtúil araon), i gcomparáid le 610 nduine i ndeireadh 2019; á mholadh don Choiste sa chomhthéacs sin a chomhar riaracháin le CESE a dhoimhniú tríd an gcomhshocrú seirbhísí chun baill foirne a chomhthiomsú ar mhaithe le tuilleadh sineirgí a fhorbairt;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil rochtain ag tromlach mór fhoireann an Choiste ar shocruithe solúbtha oibre ach gur teoranta é an líon foirne a bhaineann leas as obair pháirtaimseartha agus as saoire tuismitheora, agus gur mná iad 77,5 % agus 78,72 % díobh faoi seach; á chur in iúl gur eol di go gcuireann an Coiste seisiúin múscailte feasachta ar fáil don fhoireann maidir leis na socruithe solúbtha oibre, agus á mholadh don Choiste go rachadh sé i mbun cumarsáid níos déine maidir le hinmharthanacht agus tairbhí na socruithe sin agus a áirithiú nach gcuirfear bac, ar bhealach ar bith, ar dhul chun cinn gairme na mball foirne ábhartha toisc gur bhain siad leas as na socruithe solúbtha oibre; á chur in iúl gur geal léi an suirbhé foirne maidir le teilea-obair agus le solúbthacht oibre, ónar féidir le bainisteoirí agus baill foirne eile ceachtanna a fhoghlaim agus córais solúbthachta oibre a fhorbairt don todhchaí;

21. ag tabhairt dá haire go raibh leas forleathan á bhaint as teilea-obair roimh phaindéim COVID-19, ach nárbh ann don trealamh TF, don taithí ná don chultúr teilea-oibre ba ghá ar fud an Choiste; ag tabhairt faoi deara go ndearna seirbhísí TF an Choiste iarrachtaí suntasacha chun go mbeadh an eagraíocht ina hiomláine in ann feidhmiú go hiomlán ar bhonn cianda; ag tabhairt le fios gur cuireadh oiliúint go tapa ar an bhfoireann maidir leis an gcaoi le húsáid a bhaint as na hardáin éagsúla ar líne;

22. ag tabhairt faoi deara, agus is díol sásaimh di, maidir leis an ráta ionsúite ó na comórtais inmheánacha ghinearálta a tugadh chun críche in 2019 ("linn tallainne"), gur 100 % a bhí i gcion na mbuaiteoirí a ceapadh i gcás ghrúpa AST/SC agus ghrúpa AST, agus gur 81 % a bhí i gcion na mbuaiteoirí a ceapadh i gcás ghrúpa AD; á chur in iúl gur geal léi an straitéis fheabhsaithe um bainistiú tallann a bheartaítear do 2022, a bhfuil sé d'aidhm aici scéim soghluaisteachta inmheánaí níos dinimiciúla a chur chun feidhme;

23. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na 12 chás a tuairiscíodh in 2020 agus a bhféadfadh traochadh a bheith i gceist leo, ach ag aithint go ndearna an Coiste obair leantach phearsantaithe ar neamhláithreachtaí chun athimeascadh a éascú tar éis neamhláithreacht fadtéarma; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá oifigeach leighis agus oibrí seirbhíse sóisialta an Choiste maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá i gcruachás agus le teagmháil a dhéanamh leo; ag spreagadh an Choiste díriú i gcónaí ar na cuairteanna bliantúla leighis, agus ní hamháin sin ach freisin ar chosc príomhúil chun rioscaí síceasóisialta agus traochadh a laghdú;

24. ag tabhairt dá haire gur mhná iad 55,8 % de chóimheas inscne fhoireann an Choiste in 2020, i gcomparáid le 56 % in 2019; á chur in iúl gur oth léi an dáileadh neamhchothrom sa mheánbhainistíocht (inar mná iad 32,4 %) agus san ardbhainistíocht (inar mná iad 25 %); á chur i bhfáth gur saincheist athfhillteach é sin agus á iarraidh an athuair ar an gCoiste leanúint dá iarrachtaí chun cothromaíocht inscne a bhaint amach ar gach leibhéal ordlathach; ag tabhairt dá haire go bhfuiltear ag tarraingt anois ar an sprioc a bunaíodh sa phlean gníomhaíochta maidir le comhionannas deiseanna mná a bheith in 40 % de na poist bhainistíochta (mná a bhí in 37,5 % díobh i Márta 2021); á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, dreasachtaí sonracha chun iarratasóirí baineanna a spreagadh do róil bhainistíochta amhail aitheantas foirmiúil d'fhreagrachtaí bainistíochta atá faoi bhun leibhéal an chinn aonaid, an clár meantóireachta a seoladh in 2019 agus cúrsaí oiliúna réamhbhainistíochta; ag spreagadh an Choiste gach iarracht is gá a dhéanamh chun a straitéis 5 bliana maidir le comhionannas deiseanna a bhaint amach agus a bheith níos uaillmhianaí sna pleananna gníomhaíochta bliantúla ar tríothu a chuirtear chun feidhme í; á chur in iúl gur geal léi, go háirithe, gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le hionadaíocht chothrom inscne ar bhoird roghnúcháin agus le socruithe oibre níos solúbtha, agus ag spreagadh na ngníomhaíochtaí sin;

25. ag tabhairt dá haire go bhfuil baill foirne ó na Ballstáit uile fostaithe sa Choiste, seachas ó Bhallstát amháin; á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh an Choiste a chuid folúntas a dhéanamh níos infheicthe, go háirithe trí leas a bhaint as ambasadóirí foirne agus "brandáil fostóra" dearfach a ghiniúint; á iarraidh ar an gCoiste leanúint de chéimeanna a ghlacadh chun dáileadh geografach cuí a bhaint amach i measc a chuid foirne, agus béim ar leith a leagan ar leibhéal na bainistíochta;

26. á thabhairt chun suntais, mar fhocal dearfach, gur seoladh tascfhórsa idirsheirbhíse in 2019, tar éis d'oifigeach comhionannas deiseanna a bheith ceaptha in 2019, chun comhionannas deiseanna a phríomhshruthú i ngach beartas acmhainní daonna agus chun an straitéis 5 bliana (2022-2027) a ullmhú; á chur in iúl go dtréaslaíonn sí leis an gCoiste as ucht a thionscnaimh pointí teagmhála a chruthú maidir le saincheisteanna sonracha a bhaineann le hinscne, leis an bpobal LGBTIQ agus le míchumas chun tionscnaimh ón mbun aníos a spreagadh agus chun rannchuidiú leis an gCoiste a dhéanamh níos cuimsithí mar áit oibre;

27. á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas faoin gcás ciaptha a thuairiscigh sceithire do CESE agus a tarchuireadh chuig an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) i mí Lúnasa 2020, ar cás é a bhaineann le ball d'fhoireann an Choiste atá ag obair sna comhsheirbhísí agus ina bhfuil líomhaintí faoi mhíbhainistíocht agus faoi mhírialtachtaí airgeadais; á iarraidh ar an gCoiste agus ar CESE tuarascáil a thabhairt go comhpháirteach don Pharlaimint maidir le toradh an imscrúdaithe arna dhéanamh ag OLAF, chomh maith le haon fhíorú inmheánach nó beart eile a bhfuil imscrúdú ar feitheamh ina leith;

28. á chur in iúl gur geal léi an dianphlé idir an Coiste na hionadaithe foirne, na seirbhísí inmheánacha ábhartha uile agus na baill foirne eile a bhfuil baint acu leis an gcinneadh maidir le dínit na foirne a chosaint, le coinbhleacht a bhainistiú agus le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach a chomhrac sa Choiste, chomh maith leis treoir a ghabhann leis, a glacadh in 2021; á chur in iúl gur mór aici é na gníomhaíochtaí múscailte feasachta a eagraítear don fhoireann agus tiomantas an Choiste do chur chuige na neamhfhulaingthe i leith ciaptha, chomh maith leis an gcúrsa oiliúna tiomnaithe ar líne; á mholadh don Choiste úsáid a bhaint as gníomhaíochtaí malartacha cumarsáide maidir le hábhair ábhartha a bhaineann le comhionannas deiseanna, le héagsúlacht agus le cuimsiú chun coinbhleachtaí san áit oibre a chosc agus a bhainistiú; á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh bord comhairleach maidir le ciapadh;

29. ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, chun sonraí pearsanta a chosaint, nach mbailítear aon sonraí faoi bhaill foirne atá faoi mhíchumas ach á chur in iúl go bhfuil bac á chur, mar thoradh air sin, ar mheasúnú ceart ar an staid agus ar fhorbairt beartas leormhaith sa réimse sin; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, go n-áirítear i mbeartas comhionannais deiseanna an Choiste roinnt céimeanna praiticiúla agus bearta nithiúla arb é is aidhm leo timpeallacht oibre chuimsitheach a sholáthar; á chur in iúl gur geal léi go gcuirtear míchumas san áireamh go hiomlán i straitéis chomhpháirteach foirgneamh an Choiste agus CESE;

30. ag tabhairt dá haire gur óstáil an Coiste 47 n-oiliúnaí in 2020, ar bronnadh deontas míosúil agus cnapshuim bhreise dar luach EUR 100 orthu chun na costais a bhaineann le teilea-obair a chumhdach; á chur in iúl gur oth léi gur tairgeadh cuairteanna staidéir gan phá d'ochtar oiliúnaithe, sa bhreis ar thrí chuairt staidéir ghearrthéarmacha a thosaigh in 2019 agus a lean ar aghaidh go 2020; á iarraidh an athuair ar an gCoiste a áirithiú go bhfaighidh a chuid oiliúnaithe uile luach saothair cuibhiúil;

**Creat eitice agus trédhearcacht**

31. á chur in iúl gur geal léi an toradh a bhí ar an gcéad chéim den phróiseas idirghabhála idir an Coiste agus an tUasal McCoy, arbh é an t-iar-rialaitheoir airgeadais agus iniúchóir inmheánach é, nuair a síníodh, i mí na Nollag 2019, comhaontú polaitiúil maidir leis na prionsabail lena rialófaí réiteach chás sceithire *bona fide* an Uasail McCoy; á mheabhrú gur ceapadh Feisire den Pharlaimint mar idirghabhálaí, bunaithe ar rún maidir le hurscaoileadh ó 2017, agus gur chuir na páirtithe uile tús le próiseas idirghabhála chun deireadh a chur leis an díospóid idir an Coiste agus an tUasal McCoy agus é mar chuspóir acu teacht ar réiteach cairdiúil; á aithint gur lean an Coiste de na cruinnithe idirghabhála a bhí sceidealaithe leis an Uasal McCoy; á chur in iúl gur eol di gur tugadh an dara céim den idirghabháil chun críche an 9 Iúil 2021 le rannchuidiú idirghabhálaí na Parlaiminte, an Choiste um Rialú Buiséadach de chuid na Parlaiminte, an tUasal McCoy agus Uachtarán agus Ardrúnaí an Choiste, nuair a síníodh socrú airgeadais críochnaitheach; á chur in iúl, ar deireadh, gur eol di gur fhorghníomhaigh an Coiste an íocaíocht chomhaontaithe leis an Uasal McCoy i mí na Samhna 2021, tar éis do na húdaráis bhuiséadacha an t-aistriú a fhormheas; ag aithint na hoibre ar urscaoileadh an Choiste atá déanta le fiche bliain anuas ag na rapóirtéirí agus na scáth-rapóirtéirí a tháinig i ndiaidh a chéile agus a rannchuidigh, chomh maith céanna leis an bpróiseas idirghabhála agus cúnamh Sheirbhís Dlí na Parlaiminte, le réiteach a fháil ar an tsaincheist sin a bhí ina stad le fada an lá; á chur in iúl gur oth léi an dochar suntasach a rinneadh don Uasal McCoy agus á mhaíomh nach bhfuil sé ceart go raibh an cás corradh le 18 mbliana gan réiteach, á chur in iúl gur díol mór sásaimh di gur cuireadh clabhsúr ar an gcás sin agus ag tacú leis na gníomhaíochtaí a rinne an Coiste chun a áirithiú nach féidir lena leithéid de chás teacht chun cinn arís;

32. á aithint gurb amhlaidh, le Comhaontú an 16 Aibreán 2014 idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an gclár trédhearcachta i gcomhair eagraíochtaí agus daoine féinfhostaithe a ghabhann do dhéanamh agus do chur chun feidhme bheartais an Aontais ([1]) agus le Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta éigeantach ([2]), nach gcumhdaítear gníomhaíochtaí na n-údarás réigiúnach agus áitiúil ná gníomhaíochtaí na gcomhlachas a dhéanann ionadaíocht orthu, ach go gceadaítear rannpháirtíocht dheonach institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais; á chur in iúl, áfach, go gcuireann sí i gcoinne thuairim an Choiste go bhfuil an ábharthacht maidir leis an gclár trédhearcachta a cuireadh ar bun leis na comhaontuithe sin teoranta, agus ag ceistiú bhailíocht an Treoirleabhair Phraiticiúil maidir le hidirghníomhaíocht foirne le heintitis sheachtracha (a théann siar go 2018); á mheabhrú a thábhachtaí atá ardleibhéal trédhearcachta i ndáil le cruinnithe brústocaireachta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gCoiste ina ról comhairleach d'institiúidí an Aontais agus, dá bhrí sin, á iarraidh an athuair ar an gCoiste a bheith rannpháirteach sa chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le clár trédhearcachta éigeantach;

33. á chur in iúl gur oth léi nár ghlac ach 66 bhall foirne páirt i gceann amháin nó níos mó de na 13 sheisiún oiliúna a eagraíodh in 2020 maidir le saincheisteanna eitice; ag spreagadh an Choiste bealaí a aimsiú chun rannpháirtíocht na foirne sna gníomhaíochtaí sin a mhéadú; ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, gur seoladh, faoi dheireadh 2019, suirbhé maidir le feasacht eitice i measc na foirne agus go ndearnadh obair leantach faoi chuimsiú an iniúchta inmheánaigh ar an tsaincheist chéanna; á iarraidh ar an gCoiste leanúint de na moltaí a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2020 a chur chun feidhme agus na torthaí a thuairisciú in am trátha;

34. á chur in iúl gur geal léi gur tháinig cód iompair an Choiste i bhfeidhm an 26 Eanáir 2020 agus nach bhfuil an tArd-Rúnaí ar an eolas faoi aon sáruithe air; á chur in iúl gur oth léi, áfach, gurbh ann i gcónaí, i mí Eanáir 2021, do 146 dhearbhú airgeadais nár thíolaic comhaltaí agus comhaltaí malartacha d'ainneoin na hoibleagáide faoin gcód iompair amhlaidh a dhéanamh; ag spreagadh an Choiste na dearbhuithe airgeadais atá ar iarraidh a fháil agus leas iomlán a bhaint as na roghanna a thugtar leis an gcód iompair;

35. ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go bhfuil leathanaigh ar inlíon an Choiste atá tiomnaithe don chreat eitice is infheidhme maidir le baill na foirne á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choiste é, mar aon le cód iompair an Choiste agus liosta na ndearbhuithe airgeadais atá ar iarraidh; á mholadh don Choiste na doiciméid sin a dhéanamh níos infheicthe don phobal;

**Digitiú, cibearshlándáil, cosaint sonraí**

36. á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh go leor próisis oibre a dhigitiú mar thoradh ar phaindéim COVID-19, go bhfuil gach cruinniú á thionól ar bhonn cianda nó i bhfoirm hibrideach ó mhí an Mhárta 2020 i leith, agus gur tugadh na huirlisí TF is gá do gach ball foirne chun bheith ag obair ón mbaile; ag tréaslú leis an gCoiste as ucht na bhfeabhsuithe suntasacha a rinneadh ar thairseach na gcomhaltaí, ar Phoenix agus ar an uirlis sreafa oibre doiciméad Adonis; á chur i bhfios go ndearnadh dul chun cinn leanúnach i ndáil le ríomhshonrascadh, le ríomhsholáthar agus le sreafaí oibre gan pháipéar, gur bunaíodh meitheal maidir le sínithe leictreonacha, gur baineadh feidhm as leaganacha nua de na hinnill chuardaigh chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do na comhaltaí fad a bhaineann le cruinnithe ar líne agus gur tarraingíodh suas bearta sonracha san am céanna, gur seoladh córas vótála leictreonaí do chomhaltaí an Choiste, go ndearnadh na feidhmchláir a bhí ann cheana a oiriúnú go suntasach chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do chomhaltaí agus foireann an Choiste, agus go ndearnadh dul chun cinn maidir le cur chun feidhme uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe;

37. ag tabhairt dá haire gur thug paindéim COVID-19 ar an gCoiste dlús suntasach a chur le cur chun feidhme roinnt tionscadail TF agus físchomhdhála in 2020 agus infheistíocht bhreise dar luach EUR 2,7 milliún a dhéanamh ina dhiaidh sin; ag tabhairt dá haire gur chaith an Coiste EUR 6 392 372 ar thionscadail agus trealamh TF in 2020 (i gcomparáid le EUR 4 033 320 in 2019); ag tabhairt dá haire gur forbraíodh tionscadail eile, sa bhreis ar straitéis digiteach 2019 an Choiste, chun riarachán an Choiste a dhigitiú agus a éifeachtúlacht a áirithiú; ag athdhearbhú ráiteas an Choiste go bhfuil a chuid seirbhísí TF tearcmhaoinithe, ó thaobh struchtúir de, le tamall de bhlianta anuas agus nach féidir le haistrithe buiséid teacht in ionad an mhaoinithe atá fónta ó thaobh struchtúir de agus is gá dhéanamh ar na seirbhísí TF uile; ag tabhairt dá haire, go háirithe, go bhfuil an Coiste imníoch faoin gcostas agus na forchostais d'eagraíochtaí beaga a bheadh ag gabháil le rialacha comhchoiteanna ceangailteacha cibearshlándála amach anseo d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais dá dtagraítear i rún uaithi an 10 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais Eorpaigh sa Deacáid Dhigiteach ([3]);

([1]) IO L 277, 19.9.2014, lch. 11.
([2]) IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.
([3]) IO C 67, 8.2.2022, lch. 81.

38. á chur in iúl gur geal léi gur cruthaíodh leas-oifigeach cosanta sonraí chun leanúnachas gnó a ráthú agus chun cumais an Choiste sa réimse sonrach sin a atreisiú; ag spreagadh an Choiste gníomhaíochtaí múscailte feasachta a dhéanamh agus cúrsaí oiliúna a eagrú do bhaill foirne a bhíonn ag láimhseáil sonraí pearsanta; ag tabhairt dá haire go ndearna an Coiste, arna iarraidh sin ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, mapáil ar aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus gur chinn sé nach ndearnadh difear d'aon ghníomhaíochtaí; ag tabhairt dá haire gur shínigh an Coiste an clárú lenar nascadh é le creatchonradh idirinstitiúideach le Microsoft agus nach bhfuil aon chomhaontuithe ceadúnúcháin aonair ar leithligh aige le Microsoft a thuilleadh; á chur in iúl gur mór aici beartas gníomhach an Choiste maidir le teicneolaíocht foinse oscailte; ag spreagadh don Choiste, áfach, tosaíocht a thabhairt don teicneolaíocht foinse oscailte chun smacht a choimeád ar a chuid córas teicniúil féin, chun spleáchas agus gaibhniú díoltóirí a sheachaint, chun coimircí níos láidre a sholáthar i dtaca le príobháideachas agus cosaint sonraí úsáideoirí, agus chun cur leis an tslándáil agus an trédhearcacht don phobal;

**Foirgnimh agus slándáil**

39. á chur in iúl gur eol di go bhfuil a straitéis fhadtéarmach foirgneamh á cur chun feidhme ag an gCoiste agus ag CESE, ag díriú ar chomhchruinniú geografach agus ar leithdháileadh oifigí a atheagrú; ag tabhairt dá haire gur mheas an mheitheal atá freagrach go raibh sé ríthábhachtach foirgneamh breise a bheith ann ina mbeadh spás do thuairim agus 200 duine le go mbeifí in ann dálaí oibre maithe a chruthú; ag tabhairt dá haire gur thug an anailís sin ar an gCoiste agus ar CESE caibidlíocht a dhéanamh maidir le foirgneamh B100 a fháil ar cíos ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus gur fhormheas biúró an Choiste agus biúró CESE an dréacht-chomhaontú riaracháin sa ráithe dheireanach de 2020; á chur in iúl gur eol di gur chuir paindéim COVID-19 moill ar an bpróiseas;

40. á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, tar éis d'fhoirgnimh B68/TRE74 de chuid an Choiste agus CESE a bheith malartaithe ar fhoirgneamh VMA an Choimisiúin, go bhfeicfear coigiltis den chéad uair in 2023 mar gheall ar an gcostas níos ísle a bhaineann le foirgneamh iomlán VMA a thógáil ar cíos i gcomparáid le foirgnimh B68/TRE74 a thógáil ar cíos agus go mbeidh na coigiltis sin leordhóthanach chun cíos fhoirgneamh B100 a chlúdach;

41. á chur in iúl gur geal léi na feabhsuithe atá á ndéanamh ar phríomhréimsí na straitéise foirgneamh, eadhon athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana chun spásanna oibre níos sláintiúla atá ailínithe le caighdeáin eirgeanamaíocha a chruthú, leibhéal na slándála a mhéadú, tomhaltas leictreachais a laghdú agus ailíniú le hoibleagáidí comhshaoil;

42. ag tabhairt dá haire gur cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin maidir le cur chun feidhme an chórais nua bainistithe eVisitors in 2020 agus go raibh an córas eVisitors ag feidhmiú go hiomlán i mí na Samhna 2021, rud a cheadaigh bainistiú éifeachtúil ar chuirí agus clárú ar líne do chuairteoirí seachtracha; á mheabhrú don Choiste nár cheart sonraí pearsanta cuairteoirí a choimeád ach ar feadh an ama is gá chun an chuairt a phróiseáil;

43. ag tabhairt dá haire go bhfuil tástálacha agus laghdú aispeiste fós ar siúl tar éis d'fhoirgneamh B100 a bheith glactha ar láimh i mí Mheán Fómhair 2021; á iarraidh ar an gCoiste agus ar CESE faireachán tréimhsiúil a dhéanamh ar dhálaí an fhoirgnimh sin agus an fhoireann a chur ar an eolas i gcónaí dá réir sin; á mheabhrú gur ann do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le hoibrithe a chosaint ar aispeist ([4]);

**An comhshaol agus inbhuanaitheacht**

44. á chur in iúl gur geal léi comhtháthú na gcaighdeán inbhuanaitheachta, comhshaoil agus inrochtaineachta, lena n-áirítear na caighdeáin sin de chuid scéim an Aontais um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), mar chuid de straitéis foirgneamh an Choiste agus CESE; ag tabhairt dá haire go bhfuil gníomhaíochtaí éagsúla déanta ag an gCoiste agus ag CESE ó bunaíodh a gcóras bainistíochta comhshaoil agus é mar aidhm leo feidhmíocht fuinnimh a gcuid foirgneamh a fheabhsú agus a lorg carbóin a laghdú; á chur in iúl gur eol di go bhfuil staidéar ar neodracht carbóin an Choiste agus CESE faoi 2030 ar siúl; á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Choiste i scéim na Parlaiminte maidir le fritháireamh astaíochtaí gás ceaptha teasa;

45. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coiste beartas gan pháipéar i mí Feabhra 2020 agus ag tabhairt faoi deara go bhfuil an chuid is mó de na sreafaí oibre gan pháipéar ó shin i leith; á chur in iúl gur geal léi gur tháinig laghdú 52 % ar an méid páipéir a úsáideadh in aghaidh an duine in aghaidh an lae in 2020 i gcomparáid le 2019 agus gur laghdú 81 % a bhí ann i gcomparáid le 2015;

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2021)0427.

46. ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas soghluaisteachta inbhuanaithe i bhfeidhm ag an gCoiste a ndéantar faireachán air trí shuirbhéanna foirne gach 3 bliana; ag tabhairt faoi deara, agus is díol sásaimh di, go n-áirítear leis beartas soghluaisteachta aisíocaíocht 50 % ar thicéid séasúir iompair phoiblí, rothair seirbhíse chun críoch taistil ghairmiúil áitiúil, 237 raca rothair, roinnt spásanna páirceála do charranna hibrideacha nó leictreacha agus eagrú roinnt imeachtaí ardaithe feasachta gach bliain;

47. á chur in iúl gur geal léi an creatchonradh idirinstitiúideach lena dtugtar rochtain don Choiste ar an Deasc Chabhrach um Sholáthar Poiblí Glas, atá dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe, ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar ghnéithe sóisialta den soláthar poiblí; ag tabhairt dá haire go gcuireann an Coiste a bheartas comhshaoil i bhfeidhm i ngach uile phróiseas soláthair ábhartha, rud a ndéantar scagadh air freisin mar chuid de EMAS; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an leictreachas arna thomhailt ag an gCoiste á sholáthar go heisiach ag fuinneamh glas ó fhoinsí inbhuanaithe;

48. ag tarraingt suntas ar an bhfeachtas "An Comhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil" arb é is aidhm dó comhaltaí an Choiste agus toghcheantair mhóra na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a ghríosadh chun gníomhaíochtaí dearfacha a dhéanamh chun forbairt inbhuanaithe agus an t-aistriú glas (i.e. glasú uirbeach, éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, soghluaisteacht inbhuanaithe, etc.) a spreagadh, agus leas á bhaint acu as comhar treisithe le Stiúrthóireacht na Cumarsáide sa Pharlaimint agus le rannpháirtíocht ghníomhach Fheisirí na Parlaiminte;

**Cumarsáid agus ilteangachas**

49. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé go bhforbróidh an Coiste infheictheacht níos fearr sna meáin agus ar an idirlíon agus sna meáin shóisialta chun a chuid oibre a chur in iúl; á chur in iúl gur geal léi an mheastóireacht chuimsitheach sheachtrach ar straitéis cumarsáide 2015-2020 an Choiste; ag tuiscint go bhfuil dlús digiteach curtha leis an gcumarsáid phoiblí mar thoradh ar phaindéim COVID-19; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé for-rochtain an Choiste a uasmhéadú trí shineirgí a chruthú idir institiúidí an Aontais agus na polaiteoirí tofa réigiúnacha agus áitiúla a ndéanann an Coiste ionadaíocht orthu, ar mó ná aon mhilliún a líon; ag spreagadh an Choiste na deiseanna a ghabhann lena láithreacht ar na meáin shóisialta a thapú agus, san am céanna, féachaint ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ardáin mhalartacha foinse oscailte;

50. á chur in iúl gur geal léi rannpháirtíocht an Choiste sa Chomhdháil maidir le Todhchaí na hEorpa, ag cabhrú leis an gcleachtadh daonlathach sin chun teagmháil a dhéanamh leis na gníomhaithe réigiúnacha agus áitiúla; á mholadh don Choiste, thairis sin, cabhrú lena chomhaltaí chun rannpháirt a ghlacadh in idirphlé áitiúil le saoránaigh maidir le hábhair Eorpacha;

51. á chur i bhfios go láidir gurbh ann in 2020 d'fheachtais agus gníomhaíochtaí lenar díríodh ar ghrúpaí leasmhara, go háirithe na meabhráin tuisceana agus pleananna gníomhaíochta le comhlachais Eorpacha agus náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar leasanna áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear clásail maidir le cúrsaí comhair agus cumarsáide; ag tuiscint gur cuireadh iallach ar an gCoiste, de bharr phaindéim COVID-19, stop a chur go sealadach leis an idirphlé leis na saoránaigh; á mholadh na hidirphlé leis na saoránaigh a bhogadh ar líne chun leanúnachas na gníomhaíochta tábhachtaí seo a áirithiú chun institiúidí an Aontais a thabhairt níos gaire do mhuintir na hEorpa;

52. á chur in iúl gur geal léi an dá imeacht shuaitheanta a eagraíodh in 2020 i réimse na cumarsáide; ag tabhairt le fios go bhfuil comhordú á dhéanamh ag an gCoiste ar an gComhdháil Eorpach maidir leis an gCumarsáid Phoiblí (EuropPCom) ó 2011 i leith agus gur ar bhonn fíorúil a eagraíodh an imeacht sin i mí an Mheithimh agus mí na Nollag 2020, nuair a ghlac thart ar 2 500 saineolaí cumarsáide páirt ann; ag tarraingt suntas ar Sheachtain Eorpach na Réigiún agus na gCathracha, ar ócáid aitheanta í a mbíonn níos mó ná 10 000 rannpháirtí agus 800 comhpháirtí bainteach léi, agus ar an "Baraiméadar Réigiúnach agus Áitiúil" nua, a tíolacadh i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus ag aithint go bhfuil an dá thionscnamh ina rannchuidiú leis an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, mar aon leis an tionscadal "Ó áitiúil go hEorpach" a cruthaíodh go sonrach chun na críche sin, a seoladh i ndeireadh 2020 agus lena mbaineann 50 réigiún agus cathair i bpainéil saoránach áitiúla, trasteorann agus trasnáisiúnta;

53. á iarraidh ar an gCoiste leanúint dá iarrachtaí chun feabhas a chur ar infheictheacht na staidéar a chuireann sé ar fáil; á chur i bhfáth gur gá na staidéir a chur chun cinn go réamhghníomhach i dtreo na ngeallsealbhóirí uile, chomh maith lena bhfoilsiú ar líne; á mholadh don Choiste teagmháil a dhéanamh leis an bParlaimint chun comhar a fheabhsú, mar shampla trí chruinnithe agus imeachtaí comhpháirteacha a eagrú;

54. á iarraidh ar an gCoiste tacaíocht a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, lena n-áirítear na húdaráis sin nach bhfuil ionadaíocht oifigiúil acu sa Choiste, ar chúrsaí a bhaineann le deiseanna an Aontais agus le líonrú;

**Comhar idirinstitiúideach**

55. á chur in iúl gur geal léi an comhar déthaobhach éifeachtach atá ag méadú go leanúnach idir an Pharlaimint agus an Coiste; ag spreagadh na Parlaiminte agus an Choiste araon leanúint de na cruinnithe rialta idir a nUachtaráin agus a Leas-Uachtaráin agus feabhas a chur ar an gcomhar struchtúrtha idir na rapóirtéirí faoi seach agus na grúpaí polaitiúla agus na comhlachtaí ullmhúcháin ina n-eagraítear a gcuid comhaltaí; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a rinne biúró an Choiste i mí na Samhna 2020 Líonra Eorpach na gComhairleoirí Réigiúnacha agus Áitiúla um Ghnóthaí AE a sheoladh, ar líonra é a bheidh ailínithe le treoirghníomhaíocht na Parlaiminte Ag Tógáil na hEorpa le hEintitis Áitiúla (BELE); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur trí chomhaontuithe comhair a bhítear ag comhoibriú go leanúnach leis an gCoimisiún agus gur trí phleananna gníomhaíochta comhpháirteacha a bhítear ag comhoibriú go leanúnach le foireann trí Uachtaránacht na Comhairle maidir le príomh-shaincheisteanna; á chreidiúint gur cheart go mbeadh comhar polaitiúil an Choiste leis an bParlaimint, leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún níos córasaí i bhfianaise a thábhachtaí atá an Coiste mar ionadaí shaoránaigh an Aontais sna réigiúin agus sna cathracha;

56. á thabhairt chun suntais gurb amhlaidh, a bhuí leis na comhaontuithe foriomlána nua ar leibhéal seirbhíse a tugadh i gcrích le DG BUDG, DG DIGIT agus Oifig Pámháistir an Choimisiúin, gur tháinig laghdú suntasach ar líon na gcomhaontuithe, gur réitíodh an bealach chun feabhas a chur ar thráthúlacht na comhroinnte faisnéise agus gur cuireadh leis an bhféidearthacht a dhaingniú go mbeadh feidhmchláir idirinstitiúideacha nua TF de chuid an Aontais á n-úsáid;

57. á thabhairt chun suntais gur glacadh an chomhaontú nua um chomhar riaracháin idir an Coiste agus CESE a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Samhain 2021 agus lena dtreisítear rialachas an chomhair agus na sásraí rialaithe chun bainistiú éifeachtúil na gcomhsheirbhísí a áirithiú; ag tabhairt dá haire, agus is díol sásaimh di, go measann an Coiste go bhfuil an comhaontú nua níos nua-aimseartha agus níos simplí ná an sean-chomhaontú agus go mbeidh ról tábhachtach aige maidir le tuilleadh sineirgí a chruthú idir an Coiste agus CESE;

58. ag athdhearbhú an tseasaimh a léiríodh sna moltaí maidir le hurscaoileadh roimhe seo i ndáil leis an ngá an comhaontú comhair a síníodh idir an Pharlaimint agus an Coiste agus CESE a chur chun feidhme ina iomláine, ar comhaontú é as ar aistríodh 60 aistritheoir, lena n-áirítear 24 aistritheoir ón gCoiste, chuig an bParlaimint mar mhalairt ar rochtain ar sheirbhísí Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa; á chur i bhfáth, i ndáil leis an méid sin, go bhfuil foireann de dhíth ar an gCoiste i réimsí polaitiúla, rud a imríonn drochthionchar ar chomhlíonadh a shainordaithe;

**Paindéim COVID-19**

59. á chur in iúl gur eol di go raibh tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíocht an Choiste, go háirithe ar an ábhar go dtéann a Chomhaltaí de ghnáth go dtí áitreabh an Choiste suas go sé huaire sa bhliain chun díospóireacht a dhéanamh ar a chuid tuairimí agus rún; ag aithint na n-iarrachtaí comhchoiteanna lenar áirithíodh tacaíocht leanúnach do ghníomhaíochtaí polaitiúla an Choiste;

60. ag tabhairt dá haire go rabhthas in ann freagairt tosaigh a thabhairt leis an bplean leanúnachais gnó (BCP), atá i bhfeidhm ó 2009, ach gur léiríodh nach raibh sé oiriúnach go leor don fheidhm; á chur in iúl gur geal léi an grinn-athbhreithniú ar BCP a seoladh go déanach in 2020 chun na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcaoi ar láimhseáladh paindéim COVID-19 a chur san áireamh; ag tuiscint gur nochtadh leis an bpaindéim an tionchar a bhíonn ag tearc-infheistiú struchtúrach carntha i réimsí áirithe de ghníomhaíochtaí an Choiste, go háirithe i ndáil le TF; á chreidiúint gur cheart go leanfadh na ceachtanna a foghlaimíodh ó ghéarchéim COVID-19 de bheith ina ndlúthchuid de mhodh oibre an Choiste amach anseo;

61. á chur in iúl gur mór aici an cur chuige a bhaineann le tús áite a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht na gcomhaltaí agus na foirne le linn don eagraíocht í féin a chur in oiriúint don staid a bhíonn ag síorathrú; á chur i bhfáth go raibh tionscnaimh chumarsáide i réimse na n-acmhainní daonna ina meán don chobhsaíocht agus don tslándáil don fhoireann le linn phaindéim COVID-19; ag tabhairt faoi deara gur iarradh ar an bhfoireann gan a n-uaireanta sonracha teilea-oibre a chlárú chun an tsolúbthacht is gá a bheith acu chun freastal i gcomhthráth ar fhreagrachtaí oibre agus pearsanta; ag tabhairt dá haire, sa bhreis air sin, go raibh cead, faoi chúinsí sonracha, ag baill foirne a raibh deacrachtaí sóisialta nó leighis acu teilea-obair a dhéanamh thar lear agus go raibh cead ginearálta i bhfeidhm go sealadach freisin, rud a d'fhág go raibh 110 mball foirne ag teilea-oibriú go heisceachtúil thar lear in 2020; á chur in iúl gur geal léi an t-idirphlé a seoladh leis na hionadaithe foirne, lena n-áirítear suirbhé ar theilea-obair;

62. ag tacú le cur chuige an Choiste lena dtugtar tús áite do thorthaí thar uaireanta oibre a chomhaireamh, trí bhainistíocht atá bunaithe ar mhuinín a úsáid agus tríd an gceart chun díscor a áirithiú, go háirithe trí bhíthin an bheartais nua intí ríomhphoist; á chur in iúl gur geal léi bearta breise amhail an grúpa ball foirne deonach a bunaíodh chun cabhrú le comhghleacaithe le linn na tréimhse gaibhniúcháin;

63. ag tabhairt dá haire go ndearnadh iarracht faisnéis a scaipeadh maidir le hábhair shíceasóisialta agus ábhair a bhaineann le Comhscéim Árachais Breoiteachta institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndearnadh 246 choinne leis an tseirbhís shóisialta in 2020, a bhain go príomha le strus, coinbhleachtaí agus fadhbanna pearsanta nó teaghlaigh, agus go raibh torthaí dearfacha ar an gcóitseáil maidir le bealaí déileála;

64. á chur i bhfáth go ndearnadh príomhghníomhaíochtaí a shaothrú ar feadh phaindéim COVID-19, rud a chuir ar chumas an Choiste ionadaíocht a dhéanamh ar na polaiteoirí tofa réigiúnacha agus áitiúla i bpróiseas cinnteoireachta an Aontais, agus tacaíocht á tabhairt, ar an gcaoi sin, d'institiúidí an Aontais agus iad ag déileáil leis an ngéarchéim a bhí idir lámha;

65. ag spreagadh an Choiste na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a chomhtháthú ina straitéis inmheánach bainistíochta a mhéid a bhaineann le leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime, freagrúlacht TF, athléimneacht na heagraíochta, dualgas cúraim i leith na foirne, éifeachtacht na cumarsáide agus solúbthacht na bpróiseas oibre, chun stíl bhainistíochta atá dírithe ar thorthaí a fhorbairt agus ar féidir cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a thógail uirthi.